An maith leat **arbhar** a ithe?

Fástar arbhar ó shíolta.
Is féidir arbhar a úsáid chun rudaí éagsúla a dhéanamh.

Conas a dhéantar na rudaí seo uile?

peitreal



páipéar

calóga arbhair

milseáin

toirtílí

Cuireann feirmeoirí na síolta arbhair.
Úsáideann siad meaisín, an curadóir sa phictiúr thíos,
chun na síolta a chur i línte.

Tógfaidh sé idir ceithre mhí agus sé mhí don phlanda arbhair seo fás.